2026/1062

20.5.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1062 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Bealtaine 2026

lena ndiúltaítear iarratas ar chlárú táisc gheografaigh i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

('Denizli Leblebisi' (TGFC))

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 3129)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2024/1143, scrúdaigh an Coimisiún an t-iarratas ar chlárú an ainm 'Denizli Leblebisi' mar thásc geografach faoi chosaint (TGFC), arb iarratas é a chuir an Tuirc isteach an 19 Iúil 2024 (PGI-TR-03297).

(2) Tar éis an t-iarratas a scrúdú, sheol an Coimisiún litir an 15 Aibreán 2025 inar cuireadh in iúl don iarratasóir go raibh sé ar intinn aige tús a chur leis an nós imeachta chun cinneadh foirmiúil ón gCoimisiún a ghlacadh lena ndiúltófaí an t-iarratas de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2024/1143, mura gcuirfí leagan athbhreithnithe den iarratas ar chlárú isteach, nó mura dtarraingeofaí siar an t-iarratas.

(3) Luaigh litir an 15 Aibreán 2025 roinnt neamhchomhréireachtaí. Go háirithe, ní urramaítear na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2024/1143, ós rud é nach grúpa táirgeoirí é Denizli Commodity Exchange ina bhfuil comhaltaí a bhíonn ag obair leis an táirge, a bhfuil a ainm beartaithe lena chlárú.

(4) Ní áirítear san iarratas ach oiread cruthúnas dlíthiúil ar chosaint an táisc gheografaigh sa Tuirc, i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais, rud atá ina cheangal le hAirteagal 13, míreanna (2)(d) agus (4), de Rialachán (AE) 2024/1143.

(5) Ina theannta sin, tá easpa faisnéise san iarratas maidir leis na nósanna imeachta atá i bhfeidhm maidir le cruthúnas tionscnaimh 'Denizli Leblebisi' agus na hamhábhair a úsáidtear chun é a tháirgeadh, rud atá ina cheangal le hAirteagal 20 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26 ón gCoimisiún ([2]).

(6) Ar deireadh, tá ainm agus sonraí teagmhála na n-údarás inniúil fós in easnamh. Tá siad sin ina gceangal le hAirteagal 9(1)(d) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26.

(7) I bhfreagra an iarratasóra an 19 Bealtaine 2025, níor thug an t-iarratasóir aghaidh ar na heasnaimh a shainaithin an Coimisiún.

(8) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún nach gcomhlíonann an t-iarratas ar chlárú 'Denizli Leblebisi' mar ATFC ceanglais Rialachán (AE) 2024/1143.

([1]) IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le clárúcháin, leasuithe, cealuithe, forfheidhmiú na cosanta, an lipéadaithe agus na cumarsáide i leith tásca geografacha agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 a mhéid a bhaineann le tásca geografacha in earnáil an fhíona, agus lena n-aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 agus (AE) 2021/1236 (IO L, 2025/26, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/26/oj).

(9) Dá bhrí sin, ba cheart an t-iarratas ar chlárú an ainm 'Denizli Leblebisi' mar TGFC a dhiúltú.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Beartas Cáilíochta maidir le táirgí talmhaíochta, fíon agus deochanna biotáilleacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Diúltaítear an t-iarratas ar chlárú an ainm 'Denizli Leblebisi' mar thásc geografach faoi chosaint (TGFC).

Airteagal 2

Is chuig an iarratasóir a dhírítear an Cinneadh seo:

DENIZLI COMMODITY EXCHANGE
Topraklık Mahallesi Kayalık Caddesi Ulu Çarşı İş Merkezi Kat:5 Pamukkale
DENİZLİ, Türkiye

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Bealtaine 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Christophe HANSEN
Comhalta den Choimisiún